

SERAPHINA

ÚRSCÉAL LE
RACHEL HARTMAN

SCOTT OSER
A D'AISTRIGH


COISCÉIM
BAILE ÁTHA CLIATH

Is as Kentucky í **Rachel Hartman**, ach bhí cónaí uirthi in áiteanna éagsúla sna Stáit Aontaithe, chomh maith le Sasana agus an tSeapáin. Tá céim BA sa Litríocht Chomparáideach aici ó Ollscoil Washington. Foilsíodh a céad úrscéal *Seraphina* in 2012, agus bronnadh an William C Morris Award agus an Cybils Award air, na gradaim is mó le haghaidh ficsean d'aoisigh óga i Meiriceá. Bhí a dara húrscéal *Shadow Scale* ar liosta na leabhar is mó díol ag an *New York Times* an tseachtain ar foilsíodh é, agus tháinig a húrscéal *Tess of the Road* amach in 2018. Tá sí ina cónaí in Vancouver, Ceanada lena fear céile agus a mac.

Tá **Scott Oser** ina Ollamh le Fisic in Ollscoil British Columbia, agus réimse gradaim eolaíochta bronnta air. Bhain sé duais Oireachtais in 2019 as a aistriúchán ar *An Dhammapada: Nathanna an Bhúda*. Tá sé pósta le Rachel Hartman.

Coiscéim
Tig Bhride
91 Bóthar Bhinn Éadair
Páirc na bhFianna
Binn Éadair
Baile Átha Cliath 13
D13 XD82
www.coisceim.ie

An chéad chló 2020
© 2012 Rachel Hartman
Aistriúchán Gaeilge © 2020 Scott Oser
Gach ceart ar cosaint

Clúdach:

Arna chlóbhualadh ag Johnswood Press, Baile Átha Cliath



Foras na Gaeilge

Tá Coiscéim buíoch d'Fhoras na Gaeilge
as tacaíocht airgeadais a chur ar fáil

Le fáil ó na siopaí seo:

An Siopa Leabhar, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2
siopa@cnag.ie Guthán (01) 4783814 Facs (01) 4757844

An Ceathrú Póilí, 216 Bóthar na bhFál, Béal Feirste BT12 6AH
eolas@an4poili.com Guthán (028) 90322811 Facs (028) 90239304

An Café Liteartha, Bóthar an Dadhgaide, an Daingean, Co. Chiarraí
comdhineoil@fiachdubh.com Guthán (066) 9152204 Facs (066) 9152205

Orduithe ó dhíoltóirí leabhar:

ÁIS, Ionad 3, Páirc Ghnó Dhún Seachlainn, Dún Seachlainn, Co. na Mí
ais@forasnagaeilge.ie Guthán (01) 6616522 Facs (01) 6612378

RÉAMHRÁ

Is cuimhin liom an t-am a rugadh mé.

Déanta na firinne, is cuimhin liom am roimhe sin. Solas ar bith ní raibh ann, ach ceol: díoscán na n-alt, cuisliú na fola, suantraí shnagach an chroí, siansa buacach de thinneas boilg. Fuaim mórthimpeall orm, agus bhí mé slán.

Ansin scoilt an saol orm, agus sacadh amach i ngile fhuar chiúin mé. Rinne mé iarracht an folús a líonadh le scréachadh, ach bhí an áit ró-ábhal. Bhí mé ar buile, ach ní raibh aon dul siar ann.

Ní cuimhin liom tada eile; bhí mé i mo naíonán, dá aistí mé. Ba chuma liom fuil agus anbhá. Ní cuimhin liom scaoll na mná cabhrach, ná caoineadh m'athar, ná beannacht an tsagairt le hanam mo mháthar.

Is casta trom an oidhreacht a d'fhág mo mháthair agam. Cheil m'athair na cúinsí millteanacha ar gach éinne, mé féin san áireamh. Bhog sé ar ais sinn go Lavondaville, príomhchathair na Goiréide, agus thosnaigh arís ar a chleachtas dlí mar a dhéanadh sé roimhe sin. Chum sé grád níos sásúla de bhean chéile mharbh dó féin, cailín lách tuaithe darbh ainm Amaline Ducanahan. Chreid mé inti mar a chreideann daoine áirithe i Neamh.

Ba phióideach an naíonán mé; dhiúltaínn don chíoch mura mbíodh tuinairde chruinn ag an mbuime agus í ag canadh. “Tá cluas ghéar ag an rud,” arsa Orma, duine ard speancach de lucht aitheantais m'athar. Is minic a thagadh seisean anall chugainn na laethanta sin. Thugadh Orma “rud” orm amhail is dá mba mhadra mé; tharraing a choimhthíos mé, sa tslí chéanna a dtéann cait i dtreo daoine arbh fhearr leo iad a sheachaint. Bhíodh suaimhneas neamhghnách ag baint le Orma; níor cheadaigh sé aon dreach ar a aghaidh ach mearbhall éiginnte nuair a bhreathnaíodh sé orm, amhail is nach bhféadfadh sé a dhéanamh amach conas a tharla go raibh mé ann nó go raibh sé ag súil go n-imeoinn as radharc i bputh ghaile.

Chuaigh sé in éineacht linn don ardeaglais maidin amháin san earrach. Bhí an ghaoth ag réabadh anuas ó na sléibhte, ag séideadh

chaille mo bhuime is ag baint an teasa den ghrian. Chuir m'athair timpeall mór orainn, thar an margadh éisc agus trasna Dhroichead Wolfstoot, chun mórshiúl meidhreach in onóir Lá Fhéile Festina a sheachaint. Bhí carnán pár agus bosca scrolla Poirfireach á n-iompar aige, ar eagla go gcuirfeadh sé am amú ab fhearr a chaitheamh ag ullmhú cásanna. D'iompair an bhuime mé, caifirín fáiscthe timpeall ar a ceann; agus Orma truslógach lenár dtaobh, ár saltair á hiompar faoina ascaill aige.

Léirigh an sagart amhras áirithe nuair a chonaic sé nárbh aon naionán nuabheirthe mé ach beagnach sé mhí d'aois, agus sinn tagtha an t-achar fada ó chúige Ducana. Ní raibh fonn ar m'athair aon mhíniú a thabhairt, agus d'imigh sé leis, bhain taca as colún, agus chrom ar obair.

Chuir an sagart óg ola labhandair ar mo dhlaioithe scáinte agus dúirt liom gur gheall le banríon mé, dar le Neamh. Chaoin mé mar a dhéanfadh aon leanbh ceart; rinne mo chuid béicigh macalla suas síos corp na heaglaise. Gan bacadh le teacht i ngar dúinn ná súil a bhaint dá chuid cáipéisí, gheall m'athair go dtógfadh sé go cráifeach mé i gcreideamh na Naomh Uile. Shín an sagart an tsaltair chugam, agus lig mé di titim, mar ba dhual do naionán. Thit sé go talamh agus pictiúr Naomh Yirtrudis ar leathadh, a raibh dath dubh curtha ar a haghaidh.

Phóg an sagart a lámh, agus a lúidín in airde. “Tá an t-eiriceach in bhur saltair fós!”

“Sean-saltair ársa is ea í,” arsa Daid gan a cheann a ardú, “agus is fuath liom dochar a dhéanamh do leabhar.”

“Molaimid do na fíréin leabharbhácha leathanaigh Yirtrudis a ghreamú le chéile le taos ionas nach dtarlóidh an botún seo.” D'iompaigh an sagart leathanach. “Naomh Capiti a bhí i gceist ag Neamh, cinnte.”

Bhí Daid ag féachaint amach uaidh, a liopaí caola fáiscthe ar a chéile. “Is cuma ar aon nós. Ní hamhlaidh go n-oibríonn aon phioc den chur i gcéill piseogach seo, dáiríre.”

B'fhíochmhar an argóint idir m'athair is an sagart a tháinig sna sála air seo, ach ní cuimhin liom í. Bhreathnaigh mé i mo stangaire ar scuaine manach a bhí ag gabháil trí chorp na heaglaise. Shiúil siad go héadrom i mbróga boga, ag déanamh fuadair le siosarnach róbaí

dorcha agus ag cliceáil coirníní, agus ghlac siad a n-áit sa chórlann. Baineadh scríobadh agus díoscán as suíocháin; rinne dornán manach casacht.

Thosnaigh siad ag canadh.

Chonacthas dom go raibh an ardeaglais, agus macalla chanadh na bhfear aisti, ag fairsingiú os mo chomhair amach. Shoilsigh an ghrian trí na fuinneoga arda; bhláthaigh dath an óir agus craorag ar an urlár marmair. B'ardú croí dom an ceol, do mo líonadh is do mo thimpeallú, go raibh mé níos mó ná mar a bhí. Ba é an freagra é ar cheist nár chuir mé riamh, an tslí chun an folús uamhnach inar rugadh mé a líonadh. Chreid mé – ní hea, bhí a fhios agam cinnte – go bhféadfainn dul thar an ollmhéid agus mo lámh a chur ar an tsíleáil.

Thug mé iarraidh air.

Lig mo bhuime sian agus mé ag lúbarnaíl amach as a baclainn, beagnach. Rug sí greim amscáí ar mo rúitín. Bhí meadhhrán ionam agus mé ag stánadh ar an urlár, a raibh an chuma air go raibh sé ag claonadh agus ag casadh.

Thóg m'athair aníos mé, a lámha fada mórthimpeall ar mo chabháil ramhar, ach choimeád sé fad a rí uaidh mé amháil is dá mbeadh frog ollmhór dochreidte aimsithe aige. D'fhéach mé ina shúile liatha; bhí roic bhrónacha sna coirnéil.

D'imigh an sagart de rúid gan mé a bheannú. D'fhéach Orma ar an sagart ag dul ó radharc thart ar dheireadh an Tí Órga, agus ansin dúirt sé, "A Claude, mínigh é seo. Ar imigh sé toisc gur chuir tú ina luí air nach bhfuil ina chreideamh ach cur i gcéill? Nó ar tháinig... Cad a thugtar ar an gceann sin? Ar tháinig múisiam air leat?"

Níor chuala m'athair é, de réir dealraimh; tharraing rud éigin ionam a aird go léir orm. "Breathnaigh ar a dhá súil. Thabharfainn an leabhar go dtuigeann sí sinn."

"Tá amharc glé ag an rud, mar naíonán," arsa Orma, a bhrúigh a spéaclaí aníos agus a dhírigh a dhearcadh grinn féin orm. Ba dhonn an dath ar a shúile, dála mo dhá shúil féin; murarbh ionann is mo shúile-se, bhí a shúile siúd chomh coimhthíoch dothuigthe le spéir na hoíche.

"Go nuige seo, ní raibh mé in ann ag an obair seo, a Seraphina," arsa Daid go séimh. "B'fhéidir nach mbeidh mé in ann aici riamh, ach

creidim gur féidir liom déanamh níos fearr. Caithfidh caoi a aimsiú le cúram a dhéanamh dá chéile.”

Phóg sé mo cheann clúmhuil, rud nach ndearna sé riamh roimhe sin. Stán mé air agus mo bhéal leata le hiontas. Tháinig guthanna glé na manach inár dtimpeall agus choinnigh an triúr againn le chéile. Ar feadh nóiméad niamhrach amháin d’athaimsigh mé an chéad mhothúchán sin, an mothúchán a cailleadh nuair a rugadh mé: bhí gach rud mar ba chóir, agus bhí mé féin díreach san áit ba dhual dom.

Ansín bhí sé imithe. Chuamar trí dhoirse cré-umha bocóideacha na hardeaglaise; chuaigh an ceol i léig inár ndiaidh. Chéimnigh Orma roimhe trasna chearnóg na hardeaglaise gan slán a fhágáil linn, a chlóca ag bualadh mar a dhéanfadh sciatháin ar oll-ialtóg. Shín Daid chuig mo bhuime mé, d’fháisc a chlóca go dlúth ina thimpeall, agus chuir cruit ar a dhá ghualainn i gcoinne shéideán na gaoithe. Scairt mé air, ach níor iompaigh sé thart. Bhí an spéir ina háirse os ár gcionn, folamh agus i bhfad uainn.

Cur i gcéill piseogach nó a mhalairt, ba léir teachtaireacht na saltrach: *Ní ceadmhach an fhirinne a rá. Seo bréag shásúil.*

Ní hamhlaidh gur shop in áit na scuaibe í Naomh Capiti – go gcumhdaí sí ina croí mé – mar naomh. Bhí sí cuí thar na bearta, déanta na firinne. Bhí a ceann á iompar ag Naomh Capiti ar thrinsiúr amhail is dá mba ghé rósta é; thug sí súil fhiata orm ón leathanach, ag tabhairt mo dhúshláin breith a thabhairt uirthi. Sheas sí do shaol na hintinne, scartha go hiomlán ó obair shuarach an choirp.

Ba mhó mo mheas ar an scoilt sin agus mé ag dul in aois, buailte ag aisteachas corpartha de mo chuid féin, ach fiú nuair a bhínn an-óg, bhraithinn bá go smior ionam le Naomh Capiti. Cé aige a mbeadh grá do dhuine dícheannaithe? Conas gurbh fhéidir léi aon rud fiúntach a chur i gcrích ar an saol seo agus a dhá lámh gafa ag an trinsiúr sin? An raibh daoine aici a thuig í is a thabharfadh ‘cara’ uirthi?

Thug Daid cead do mo bhuime leathanaigh Naomh Yirtrudis a ghreamú le chéile le gliú; ní bheadh an bhean bhocht ar a suaimhneas inár dteach go ndéanfaí é. Ní raibh amharc riamh agam ar an eiriceach. Má d’ardaigh mé an leathanach os comhair an tsolais, is ar éigean a

bhí mé in ann cruth na beirte naomh a dhéanamh amach, iad measctha le chéile in aon Arracht-Naomh amháin. Ghob lámha Naomh Yirtrudis amach ó dhroim Naomh Capiti ar nós péire sciathán gan éifeacht; bhí a scáthcheann le feiceáil san áit ar cheart do cheann Naomh Capiti a bheith. Naomh dúbailte a bhí inti le haghaidh mo shaoil dhúbailte.

Bhí mo chroí istigh sa cheol, rud a mheall sa deireadh mé ó thearmann theach m'athar, do mo sheoladh isteach sa chathair agus sa chúirt ríoga. Chuaigh mé sa tseans go huafásach, ach ní fhéadfainn a mhalairt a dhéanamh. Níor thuig mé go raibh uaigneas á iompar os mo chomhair ar thrinsiúr agam, agus gurbh é an ceol a shoilseodh ón gcúl mé.